gaelscoil bhaile brigín

# NUACHTLITIR 14 11/12/23

***Tógáil an tsínte/ Building of Extension***

Tá áthas an domhain orainn go mbeidh tús á chur le síneadh ar fhoirgneammh na scoile i mí Eanáir. Bhí an tógáil seo le tarlú siar i 2015 ach cuireadh siar arís is arís eile é. Faoi dheireadh thiar thall tá dáta tosaithe faighte againn den 16 Eanáir.
Beidh ocht mí ghnóthach dhéag i gceist leis an obair tógála. Tiocfaidh athrú ar chóras theacht isteach ar scoil agus dhul abhaile. Chuige seo, tá físéan gairid déanta ag múinteoir Clodagh chun na hathruithe seo a mhíniú daoibh. Míle buíochas le Eric Campbell as ucht an físéan a thaifeadadh.
Bígí i dteagmháil linn má tá ceist ar bith agaibh faoi aon chuid de.

***https://youtu.be/SZW25zYsKdY***

***We are over the moon that the extension to the school building will start in January. These works were due to start way back in 2015 but have been pushed back again and again. Finally, we have been given a start date of 16th January.***
***It will be a busy 18 months of building works. Arrangements for coming into school and for going home will change. To this end, múinteoir Clodagh has recorded an explanation video to go through these changes with you. Many thanks to Eric Campbell for filming.***
***Please get in touch if you have any questions.***

***https://youtu.be/SZW25zYsKdY***

***Maor tráchta/ School Warden***

Ní bheidh an maor tráchta ann Dé hAoine na seachtaine seo, 15 Nollaig.
***There will be no traffic warden on duty this Friday, 15th December.***

### ***Carúil na Nollag/ Christmas Carols***

Bhí séirbhís charúl na Nollag ar siúl aréir i séipéal Naoimh Peadar agus Pól. Oíche álainn a bhí ann.  Míle buíochas le múinteoirí Elaine, Dearbhla & Sarah.

***The school held a carol service last night in St. Peter & Paul's church. It was a lovely evening. Many thanks to Múinteoirí Elaine, Dearbhla & Sarah.***

### ***Iris Nollag/ Christmas Annuals***

Tá síneadh ama curtha leis an nasc ordaithe ó Educate.ie. Beidh tú in ann iad a ordú go dtí amárach.

***The order link for Christmas annuals from Educate.ie has been extended. You can order until tomorrow. https://annualorders.educate.ie/20252P/aisling-ni-ghiobuin***

### ***Saoire na Nollag/ Christmas Holidays***

Dúnfar an scoil @12 ar an 22 Nollaig le haghaidh saoire na Nollag. Osclófar arís í ar an 08 Eanair @ 8.50rn.

***The school will close at 12 on 22nd December for Christmas holidays. We will reopen on Monday 8th January @8.50am.***

### ***Seo Nollag/ Christmas Show***

Beidh cleachtadh ar siúl Dé Luain don seó Nollag. Mar sin, déan cinnte go bhfuil gach ní atá de dhíth ar do pháiste aige/aici faoin bpointe seo. Rachaidh scéal abhaile ó ghach múinteoir ranga de chéard go díreach atá ag teastáil sa rang sin.

***The dress rehearsal for Christmas shows will take place on Monday. Therefore, please ensure that your child has everything that he/she needs in school on Monday. Each class teacher will send out word about what is needed in their own class.***

### ***Féilire/ Calendar***

Tá na féilirí tagtha agus tá siad go hálainn. Tapaigh an deis d'ordú a chur isteach. Níl ach méid áirithe ar fáil. Ní gá ach scéal a chur chun na hoifige. Costas €10.

***The calendars have arrived and they are fab! Get your order in quickly as there are only a limited number available for purchase. Contact the office to order. Price €10.***

## A Pháistí & A Dhaoine Óga Is mian linn bhur nglór a chloisteái!

Insígí dúinn faoin taithí atá agaibh ar scoil agus ar oideachas speisialta le cabhrú leis an athbhreithniú ar an Acht um Oideachas do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Speisialta Oideachais Acu (EPSEN), 2004

Is mian linn a chloisteáil ó pháistí agus ó dhaoine óga de GACH cineáil cumais

Beidh tacaíocht agaibh le páirt a ghlacadh sna bealaí is fearr a oibreoidh daoibhse. Is féidir libh freastal ar ghrúpa go pearsanta nó ar líne, nó an pacáiste gníomhaíochta a chríochnú..

An bhfuil suim agat? Ar mhaith leat níos mó eolais? Iarr ar do thuismitheoir/chaomhnóir teagmháil a dhéanamh linn ag epsen@ucd.ie le treoir a fháil trí na céimeanna eile.

Níos mó eolais ag: https://www.gov.ie/en/consultation/e3842-epsen-review-

### ***Athbhreithniú ar an Acht EPSEN/ Review of EPSEN Act***

Tá athbhreithniú reachtúil ar an Acht EPSEN ar siúl faoi láthair, athbhreithiú a bhfuil impleachtaí tábhachta ann dár scoileanna as seo amach. Tá an t-athbhreithniú ag céim ríthábhachtach sa mhéid is go bhfuil grúpa taighdeoirí coimisiúnaithe ag an Roinn chun tuairimí an phobail agus go háirithe páistí a bhailiú agus a chur san áireamh. Déanfar é seo trí roinnt fhócasghrúpaí a reáchtáil ar fud na tíre.

***There is a statutory review of the EPSEN (The Education for Persons with Special Educational Needs Act) taking place currently.  This review will have important implications for our schools.  The review is currently at an important stage whereby a group of researchers have been recruited by the Department of Education to gather the public's thoughts on the Act; they are especially interested in collecting the views of students.  This will be done through focus groups throughout the country.  They are organising a group representative of those in the Irish Medium sector and if your child would like to partake, please contact the below email address: epsen@ucd.ie***

***Sam Maguire***

Bhí Anto ó Chumann Uí Dhuibhir anseo inniu leis an gCorn Sam Mhic Uidhir. Tháinig an t-imreoir peile Greg Mc Eneaney ó na Cláirseacha sna Scéirí in éineacht leis. Bhí na daltaí ar bís. Míle buíochas le hAnto as ucht seo a eagrú dúinn.
***Anto from O' Dwyers GAA club was here today with the Sam Maguire Cup. One of the Dublin players, Greg Mc Eneaney from Skerries Harps came with him. The pupils were delighted. Many thanks to Anto for organising this.***

***Séirbhís Carúl an Pharóiste/ Parish Carol Service***

Beidh roinnt daltaí ó rang a 6 ag glacadh páirte sa séirbhís carúl a bheidh ar siúl anocht séipéal @6in. Beidh ar dhaltaí a bheith ann @ 5.30in.
***Some of our 6th class pupils will be taking part in the parish carol service this evening in the church @6pm. Pupils will need to be there at 5.30pm.***

***Bríste Breise/ Spare Trousers***

Má tá aon seanbhriste scoile sa bhaile ag aon duinencah bhfuil de dhíth orthu níos mó, an féidir iad a sheoladh isteach chun na scoile le bhur dtoil.
***If anyone has any old school trousers that they no longer need, would you mind sending them into the school.***

***St. Vincent de Paul***

Beidh bailiúchán bia ar bun againn ar son St. Vincent de Paul an tseachtain seo. Tá liosta thíos den saghas bia atá á lorg acu. Beidh boscaí bailiúcháin thart timpeall na scoile agus is féidir le do pháiste nithe a thabhairt isteach iad féin le cur isteach iontu nó is féidir le tuismitheoirí rudaí a fhágáil san fhailtiú. Rachaidh gach rud sa bhailiúchán seo chuig clanna inár bpobail áitiúil atá ag streachailt.
***Our St. Vincent de Paul food collection will be on this week. Below is a list of items they need. There will be collection boxes throughout the school and your child can bring items in to put into these. Parents can also leave items in reception.***
***Everything collected will go to families in our local community who are struggling. The last day for donating will be Friday.***

***Nollaig Shona***

Ba mhaith linn an deis seo a thapú Nollaig shona agus athbhliain faoi shéan is faoi mhaise a ghuí oraibh. Tá súil againn go mbeidh briseadh suaimhneach agaibh ar fad.

***We would like to take this opportunity to wish you all a Merry Christmas and a Happy New year. We hope you all enjoy a peaceful break.***



Society of St. Vincent de Paul

# Liosta bia

### Bia Stáin:

- Cannaí torthaí nó glasraí
- Cannaí nó paicéid anraith
- Cannaí spaigití, pónairí stánaithe
- Cannaí tuinnín nó iasc eile
- Cannaí stobhach nó millíní feola

### Gránach & míreanna eile:

- Gránach bricfeasta & muslaí
- Pasta, rís & núdail
- Anlann Pasta
- Barra gránaigh nó muslaí
- Tae & Caife
- Siúcra
- Subh & Marmaláid

### Rudaí deasa:

- Seacláid (barraí & boscaí)
- Brioscaí (Paicéid & boscaí)
- Criospaí
- Grán rósta
- Milseáin
- Roghbhoscaí

# Food List

### Tinned Foods:

- Tinned fruits & Vegetables
- Tinned or packet soup
- Cans of spaghetti, beans or other pulses
- Canned tuna or other fish
- Canned stew & meatballs

### Cereals & Other Items:

- Breakfast cereals & muesli
- Pasta, rice & Noodles
- Pasta sauce
- Cereal & muesli bars
- Tea & Coffee
- Sugar
- Jam & Marmalade

### Treats:

- Chocolate (Bars & boxes)
- Biscuits (Packets & boxes)
- Crisps
- Popcorn
- Sweets
- Selection Boxes

## ***An Seó Nollag/ Christmas Show***

Beidh an seó Nollag ar siúl ar an 19 Nollaig i halla na scoile. Beidh fáilte roimh thuistí teacht chuige.

***The Christmas show will take place in the school hall on 19th December. Parents are welcome to attend.  (Please note change in time for Rang a 3 & Rang a 4)***




Gaelscoil Bhaile Brigín
IMEACHTAÍ
NA NOLLAG
01/12/23 Lá na nGeansaithe Nollag
05 &06/12/23 Panto sa Lark
12/12/23 Carúil na Nollag sa séipéil @ 6.15in
13/12/23 Séirbhís Carúil Rang a 6
19/12/23 Seó na Nollag